



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2019

### Matamaitic

Páipéar 1

Gnáthleibhéal

Dé hAoine 7 Meitheamh – Tráthnóna 2:00 go dtí 4:30

300 marc

Scúduimhir						

Stampa an Ionaid



Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Coincheapanna agus Scileanna	150 marc	6 cheist
Roinn B	Comhthéacsanna agus Feidhmeanna	150 marc	3 cheist

Freagair na naoi gceist go léir.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás ngraif agus léaráidí amháin.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh na freagraí go léir sa fhreagarleabhar seo. Tá spás d'obair bhrefise ag cúl an leabhráin. Má bhaineann tú úsáid as, lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura bhfuil obair thacaíochta ábhartha san áireamh agat i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtaispeánann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

Freagair **na sé cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 1**

(25 marc)

Tuilleann Eimear pá comhlán €40 000 sa bhliain le Comhlacht A.

- (a) Íocann Eimear cáin ioncaim ag ráta 20% ar ioncam suas go dtí scoithphointe an ráta caighdeánaigh, is é sin €35 300. Íocann sí cáin ag ráta 40% ar an bhfuílleach. Tá suim €1650 de chreidmheasanna cánach bliantúla aici. Faigh amach cé mhéad cánach ioncaim a íocann sí sa bhliain.

- (b) Íocann Eimear a hárachas sláinte a chosnaíonn €1500 glan uirthi. Faigh a hioncam bliantúil tar éis di cáin ioncaim agus árachas sláinte a íoc (i.e. a glanioncam bliantúil).

- (c) Tá sé i gceist ag Eimear a post a athrú. Tairgeann Comhlacht B post di le pá comhlán €38 000 agus bónas €1500 (saor ó cháin do Eimear) a bheidh á íoc ag an gcomhlacht. D'úsáidfeadh sí an bónas chun a hárachas sláinte a íoc. Ní athródh na rataí agus creidmheasanna cánach a bheadh aici. Faigh amach cad é an méadú a thiocfaidh ar għlanioncam bliantúil Eimear (tar éis di cain ioncaim agus árachas sláinte a íoc) má għlaccann sí le post ó Chomhlacht B.


**Ceist 2**

(25 marc)

Taispeántar an uimhir choimpléascach  $z_1 = 2 + i$ , áit a bhfuil  $i^2 = -1$ , ar an Léaráid Argand thíos.

(a) (i)  $z_2 = 2z_1$ .

Faigh luach  $z_2$ , agus **breac agus lipéadaigh** é ar an Léaráid Argand.




(ii) Is é  $\bar{z}_1$  comhchuingeach coimpléascach  $z_1$ .

Scríobh síos luach  $\bar{z}_1$ , agus **breac agus lipéadaigh** é ar an Léaráid Argand.

$\bar{z}_1 =$

(iii) Fiosraigh an bhfuil  $|z_2| = |z_1 + \bar{z}_1|$ .

- (b)** Taispeáin go bhfuil  $z_1 = 2 + i$  ina réiteach ar an gcothromóid  $z^2 - 4z + 5 = 0$ .




**Ceist 3****(25 marc)**


Sainítear an fheidhm  $f$  mar  $f(x) = -x^3 + 4x^2 + x - 2$ , áit a bhfuil  $x \in \mathbb{R}$ .

- (a) (i) Comhlánaigh an tábla thíos le haghaidh luachanna  $f$  san fhearrann  $-1 \leq x \leq 4$  agus uaidh sin tarraing graf den fheidhm  $f(x)$  san fhearrann  $-1 \leq x \leq 4, x \in \mathbb{R}$ .


$x$	-1	0	1	2	3	4
$f(x)$					10	



- (ii) Úsáid do ghraf chun meastachán a dhéanamh ar an dá fhréamh de chuid  $f(x)$  atá san fhearrann  $-1 \leq x \leq 4$ .



- (b) Faigh an luach ar  $x$  a fhágann go bhfuil  $f''(x) = 0$ , áit arb é  $f''(x)$  dara díorthach  $f(x)$ .

A large rectangular grid consisting of 20 columns and 10 rows of small squares, intended for drawing a graph.


(a) Réitigh le haghaidh  $x$ :

$$\frac{3x + 1}{5} + \frac{x - 2}{2} = \frac{47}{10}$$

**(b)** Réitigh na cothromóidí comhuaineacha:

$$x - 5y = -13$$

$$x^2 + y^2 = 13$$



**Ceist 5****(25 marc)**

Tarraingíonn Anraí léaráid de réir scála den chuid dá ghairdín atá clúdaithe le plásóg féir.


Taispeántar a léaráid thíos.

Ta na toisí  $1 \text{ cm} \times 0.5 \text{ cm}$  ag gach bosca ar an eangach.

Seasann gach cm ar léaráid Anraí do 3 m.

Chun meastachán a dhéanamh ar achar na plásóige féir déanann Anraí an léaráid a dheighilt ina hocht roinn.

- (a)** Úsáid an riall thraigéasóideach chun meastachán a dhéanamh ar achar na plásóige féir de réir an scála:  $1 \text{ cm} = 3 \text{ m}$ .




- (b)** Is féidir le Nuala siúl ar luas  $1\cdot6$  méadar sa soicind.  
Scríobh an luas seo ina chiliméadaire san uair.

**Ceist 6****(25 marc)**

- (a) Réitigh an éagothromóid a leanas do  $x \in \mathbb{R}$  agus taispeáin do réiteach ar an uimhirlíne thíos:

$$2(3 - x) < 8.$$




**(b)** Réitigh le haghaidh  $x$ :

$$2^{2x-1} = 64.$$



- (ii) Ar an ngreille thíos tarraing graf chun airde na liathróide a thaispeáint le linn di a bheith san aer.



- (c) Úsáid do ghráf chun meastachán a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:  
(Taispeán do chuid oibre ar an ngráf thuas)

- (i) an fad ama a bhí an liathróid san aer ón am a buaileadh í go dtí gur sroich sí an talamh arís

- (ii) an fad ama a bhí an liathróid 10 m, nó níos faide, os cionn na talún.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

- (d) (i) Faigh  $f'(t)$ , díorthach  $f(t) = -4t^2 + 16t + 1$ .

- (ii) Úsáid do fhreagra ó **chuid (d)(i)** chun luas na liathróide tar éis di a bheith san aer ar feadh 4 shoicind a fháil. Bíodh do fhreagra ina mhéadair sa soicind.

- (iii) Úsáid do fhreagra ó **chuid (d)(i)** chun luach  $t$  a fháil, áit arb í  $t$  an uair a bhí an liathróid ag teacht anuas agus í ag taistéal ar luas 8 méadar sa soicind.

**Ceist 8****(55 marc)**

- (a) Tomhaistear cumhacht innill ( $P$ ) ina heach-chumhacht de réir na foirmle:

$$P = \frac{R \times T}{5252}$$

áit arb é  $R$  luas an innill a thomhaistear ina n-imrothluithe sa nóiméad (RPM),  
agus áit arb é  $T$  an torc a thomhaistear ina aonaid chuí.

- (i) Faigh cumhacht innill a ghineann 480 aonad toirc ag 2500 RPM.  
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.

- (ii) Atheagraigh an fhoirmle chun  $R$  a scríobh i dtéarmaí  $P$  agus  $T$ .


*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** Bunaíodh comhlacht i mí Eanáir 2016 chun innill a dheisiú. Sa chéad mhí den ghnó rinne an comhlacht caillteanas €4000. Tháinig laghdú €250 in aghaidh na míosa ar an gcaillteanas seo i ngach mí a raibh an comhlacht i mbun trádála.


**(i)** Comhlánaigh an tábla thíos chun caillteanas/brabús an chomhlachta a thaispeáint do na chéad sé mhí trádála.

Mí	1	2	3	4	5	6
Brabús (€)	-4000	-3750		-3250		


**(ii)** Taispeáin go dtugtann an fhoirmle  $T_n = 250n - 4250$  an brabús a dhéanann an comhlacht i mí  $n$ .




**(iii)** Cén brabús a dhéanann an comhlacht in Eanáir 2018 (i.e. mí 25)?




**(iv)** Faigh an mhí ina mbaineann an comhlacht cóimheá airgid amach (i.e. brabús €0).



**(v)** Faigh  $S_n$ , an téarma ginearálta do bhrabús **iomlán** an chomhlachta tar éis  $n$  mí.



**(vi)** Uaidh sin, nó ar shlí eile, faigh brabús iomlán an chomhlachta faoi dheireadh Eanáir 2019 ( i.e. mí 37).



**Ceist 9****(40 marc)**

Tá suíomh gréasáin ag Ailbhe. Is féidir meastachán a dhéanamh, le haghaidh tréimhse ama áirithe, ar líon ionlán na n-úsáideoirí cláraithe ar an suíomh gréasáin,  $U(m)$ , de réir na foirmle:

$$U(m) = 3000(1.8)^m$$

áit arb é  $m$  líon na míonna atá caite ó seoladh an suíomh gréasáin.

- (a)** Úsáid an fhoirmle chun meastachán a dhéanamh ar líon na n-úsáideoirí cláraithe a bhí ann 8 mhí tar éis an suíomh gréasáin a sheoladh.

- (b)** Tá 31 493 úsáideoir cláraithe ann ag deireadh míosa ar leith.  
Déan meastachán ar an líon úsáideoirí a bheidh ann mí amháin níos déanaí.

- (c)** Is féidir le húsáideoirí clárú ar an suíomh gréasáin saor in aisce.  
Tuilleann Ailbhe €0.0012 **gach mí** as fógraíocht, le haghaidh gach úsáideora atá cláraithe.

- (i)** Cé mhéad airgid a thuillfeadh sí i mí dá mbeadh 600 000 úsáideoir cláraithe ar an suíomh gréasáin?

- (ii)** Tuilleann Ailbhe €1285.37 le haghaidh mí ar leith.  
Cé mhéad úsáideoir cláraithe a bhí ar an suíomh gréasáin an mhí sin?

- (iii) Gearrann comhlacht deartha idirlín táille €80 sa mhí ar Ailbhe chun an suíomh a chothabháil agus a óstáil.  
Ce mhéid a thuillfidh no a chaillfidh Ailbhe i mí 4 agus i mí 12 óna suíomh gréasáin.


Mí 4:	Mí 12:

- (d) Tugann comhlacht deartha idirlín eile ón Ríocht Aontaithe tairiscint d'Ailbhe a suíomh gréasáin a óstáil agus a chothabháil ar tháille £55 steirling sa mhí. Úsáideann Ailbhe an ráta malairte ar lá ar leith chun a fháil amach cén costas a bheadh air seo, ina euro. Faigheann sí amach go mbeadh costas €62·70 air. Faigh an ráta malairte ar **1 euro** ar an lá sin.  
Bíodh do fheregra ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha.

€1 = £
--------


Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhrefise.

Lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

A large rectangular grid of squares, approximately 20 columns by 30 rows, designed for handwriting practice. It is enclosed in a thin black border.


Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhreise.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

A large rectangular grid of squares, approximately 20 columns by 30 rows, designed for handwriting practice. It is enclosed in a thin black border.


Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhrefise.

Lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

A large rectangular grid of squares, approximately 20 columns by 30 rows, enclosed in a black border. The grid is intended for children to practice their handwriting skills by writing the letters of the Irish alphabet in each square.

Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhrefise.

Lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

A large rectangular grid of squares, approximately 20 columns by 30 rows, designed for handwriting practice. It is enclosed in a thin black border.

Ná scríobh ar an leathanach seo

An Ardteistiméireacht 2019 – Gnáthleibhéal

## Matamaitic – Páipéar 1

Dé hAoine 7 Meitheamh  
Tráthnóna 2:00 go dtí 4:30



2019L003G1IL2828